IÚIL 2005

# SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA RAIDIÓ AGUS TEILIFÍSE IN ÉIRINN

## TREOIR

RTÉ

**Is é an cuspóir atá leis an gcáipéis seo ná léargas a thabhairt maidir le coincheapa agus ábhar imní ó thaobh teilifís dhigiteach agus raidió digiteach, i gcomhthéacs shuíomh na hÉireann sa tírdhreach craoltóireachta digiteach dinimiciúil reatha. Ní treoir chuimsitheach ach forbhreathnú réamhléiritheach atá ann maidir le coincheap casta a bhfuil spéis náisiúnta ann.**
**Tá craoltóireacht dhigiteach lárnach ó thaobh ghealltúintí na haoise digití a bhaint amach agus chun a chinntiú go rachaidh iomaíochas na hÉireann chun cinn.**

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann agus tá RTÉ tiomanta a sheirbhísí a sheachadadh chuig gach saoránach ar bhonn saor go haer agus clúdach uilíoch a sholáthar freisin. Ní mór do RTÉ a chinntiú go mbeidh ábhar á sheachadadh ar gach mórchainéal seachadta analógach/digiteach atá ann (agus cinn atá chughainn), lena n-áirítear cainéil trastíre, satailít, cábla/MMDS, Idirlíon agus líonraí teileachumarsáide.

Cuireadh tús le Raidió RTÉ i 1926 agus cuireadh tús le Teilifís RTÉ i 1961. Úsáideann an dá mheán líonra tarchuir trastíre (crann tarchurtha, láithreáin, aeróg) chun seirbhísí analógacha a sheachadadh. Déanann an líonra tarchuir náisiúnta comharthaí teilifíse agus raidió saor go haer a sheachadadh chuig muintir na hÉireann, agus baineann an líonra analógach reatha a fheidhmíonn RTÉ Network Transmission Ltd (RTÉNL) amach beagnach clúdach uilíoch, ar fáil ag thart ar 99% den daonra.

Is trí Pay TV trí shatailít dhigiteach, trí chábla agus trí sheirbhísí MMDS agus sin amháin atá seirbhísí digiteacha teilifíse ar fáil in Éirinn faoi láthair. Tá RTÉ ag tacú le Rialtas na hÉireann chun polasaithe do dhigeatú maidir le raidió agus teilifís trastíre a fhorbairt. Éileoidh sin athruithe i reachtaíocht agus i rialáil craolacháin.

De réir mar a chomhchruinneoidh teicneolaíochtaí craolacháin agus cumarsáide, beidh níos mó éilimh ar ábhar craolacháin phearsanraithe, ar ábhar craolacháin ar éileamh, agus ar ábhar craolacháin soghluaiste do shaoránaigh. Chun go mbainfear amach díbhinne digiteach Shochaí na Faisnéise, beidh gá le polasaí náisiúnta comhtháite maidir le teicneolaíochtaí craolacháin, faisnéise agus cumarsáide.

Tá gá le hathrú anois mar go bhfuil moladh AE ann seirbhís analógach a mhúchadh agus athrú go seirbhís dhigiteach. Aontófar leithroinntí speictream raidió na hÉireann maidir le craolacháin ag an gComhdháil Réigiúnach Raidióchumarsáidí i 2006 (RRC 06) agus breithneofar ansin polasaí náisiúnta craolacháin don chéad fiche bliain eile ar a laghad. [1].

[1] Féach Aguisín ar chomhordú speictream idirnáisiúnta agus speictream craolacháin na hÉireann.

# ROINNT SAINMHÍNITHE

**Teilifís Analógach:** An bealach traidisiúnta a úsáideadh chun comharthaí teilifíse den aer a chraoladh. Seoltar na comharthaí trí thonnta raidió ó líonra náisiúnta crann agus aeróg.

**Leathanbhanda:** Rochtain Idirlín Leathanbhanda, a dtagraítear dó go minic mar 'Idirlíon Leathanbhanda' nó fiú díreach 'leathanbhanda', agus is nasc idirlín ag ráta tarchuir ard sonraí é. Is iad seo a leanas na príomhchineálacha rochtain Idirlín leathanbhanda atá ar fáil do chustaiméirí cónaithe sa lá atá inniu ann:

- **DSL:** Úsáideann teicneolaíocht Líne Dhigiteach Rannpháirtí (DSL) línte teileafóin atá ann cheana féin do chumarsáidí ilmheáin agus sonraí ardluais. Is féidir le DSL tarchur ag luais an-ard thar achar gearr go maith. De bharr go mbíonn DSL 'air i gcónaí' ní bhíonn aon ghá le seirbhís dhiailithe.
- **ADSL:** Tá an Líne Dhigiteach Rannpháirtí Neamhshiméadrach (ADSL) ar cheann de chineálacha éagsúla nascachta Idirlín DSL. Athraíonn sé an líne theileafóin chaighdeánach idir malartán teileafóin áitiúil agus soicéad teileafóin an chustaiméara go dtí líne dhigiteach ardluais. Tugtar 'neamhshiméadrach' air mar go mbogann sé sonraí níos tapúla ón malartán chuig an gcustaiméir ná ón gcustaiméir chuig an malartán.
- **Idirlíon Cábla:** Bíonn rochtain Idirlín Cábla d'Ardluas ar fáil trí úsáid a bhaint as móideim cábla agus nasc leis an Idirlíon trí chábla comhaiseach. Is minic gurb é an cábla comhaiseach an líne chéanna a iompraíonn an tseirbhís Teilifíse cábla. Ar nós an ADSL, is nasc a 'bhíonn air i gcónaí é' an rochtain Idirlín cábla ardluais atá deartha chun meáin sruthaithe d'ardchaighdeán a sheachadadh ar an ríomhaire.

Sa bhreis orthu sin, tá teicneolaíochtaí leathanbhanda gan sreang agus teicneolaíochtaí satailíte le fáil níos fairsinge anois.

**Teilifís Dhigiteach:** Baintear leas as teicneolaíocht dhigiteach úrscothach chun comharthaí teilifíse a chraoladh – ag baint úsáide as an gcóras dénártha ar a bhfuil ríomhairí agus gach teicneolaíocht cumarsáide nua-aimseartha bunaithe. Tá digiteach i bhfad níos solúbtha ná analógach agus tarchuirtear pictiúir fhoirfe i bhformáidí chur i láthair éagsúla, lena n-áirítear teilifíseán ardshainithe agus teilifíseán caighdeánach i leaganacha traidisiúnta agus ar scáileán leathan.

**DAB:** Craoladh Digiteach Fuaime, raidió digiteach, ar a dtugtar T-Dab freisin, agus is ionann T agus 'trastíre'.

**DTT nó DVB-T:** Is éard is Teilifís Dhigiteach Trastíre ann ná feidhmiú theicneolaíocht Craolacháin Digití Fiseáin (DVB) chun líon níos mó cainéal, agus caighdeán digiteach fuaime agus pictiúir a sholáthar trí aeróg thraidisiúnta seachas trí mhias satailíte nó nasc cábla. Tugtar DVB-T ar theilifís trastíre dhigiteach freisin. Tarchuirtear Teilifís Dhigiteach Trastíre ar mhinicíochtaí raidió a bhíonn cosúil le teilifís analógach caighdeánach, agus is é an

príomhdhifríocht a bhíonn ann ná go n-úsáidtear tarchuireadóirí ilphéachsuithe chun ligeann do ghlacadh ilchainéal ar raon minicíochta shingil (ar nós cainéal UHF nó VHF). Glactar le DTT trí bhosca teilifíseáin, nó fearas glacachta comhtháite, a dhíchódann an comhartha a fhaightear trí aeróg chaighdeánach.

**DVB:** Is éard is Craolachán Digiteach Físeáin ann ná sraith caighdeán oscailte atá glactha go hidirnáisiúnta do theilifís dhigiteach agus a choimeádann an DVB Project, cuibhreannas tionscail le os cionn 300 comhalta, agus foilsithe ag an gComhchoiste Teicniúil (JTC) de chuid Institiúid Caighdeáin Teileachumarsáide na hEorpa (ETSI), an Coiste Eorpach do Chaighdeánú Leictriteicniúil (CENELEC) agus an *tAontas Craolacháin Eorpach* (EBU)

**EPG:** : Is éard is Treoir Clár Leictreonach ann ná an treoir liostaithe Teilifíse a bhíonn ar an scáileán agus a sholáthraíonn sonraí faoi chláir reatha agus faoi chláir sa todhchaí. Bíonn cuardaigh ábhair nó cainéal ann, achoimrí cláir, rochtain láithreach ar chlár roghnaithe agus feidhmeanna rialaithe meabhrúcháin agus tuismitheoireachta.

**HDTV:** Is modh oibríochta amháin de Theilifís Dhigiteach í Teilifís Ardshainithe, agus is é an chaoi go dtarchuireann an craoltóir pictiúr leathan-scáileáin le i bhfad níos mó sonraí ná mar a bhíonn sna pictiúir teilifíse analógacha faoi láthair.

**IPTV:** Is comhainmneoir é Teilifís Prótacail Idirlín anois do chórais sa chás go scaiptear comharthaí teilifíse agus/nó comharthaí físeáin chuig síntiúsóirí a úsáideann prótacail Idirlín. Go minic bíonn sé sin ag tarlú ag an am céanna le ceangal Idirlín an síntiúsóra, soláthraíonn oibritheoir leathanbhanda é ag úsáid an infrastruchtúir chéanna agus fiú an leithead banda céanna. Clúdaíonn IPTV Teilifís beo (il-chraoladh) chomh maith le físeán stóráilte (Físeán ar Éileamh nó VOD). Éilíonn athsheinm IPTV ríomhaire pearsanta nó bosca teilifíseáin ceangailte le teilifíseán.

**MUX:** Úsáidtear ilpléacs chun comharthaí a mheascadh isteach i gcóras iompair amháin do dháileadh agus do tharchuir.

**STB:** Is bosca breise é an Bosca Teilifíseáin, do theilifíseán chun seirbhísí digiteacha teilifíse satailíte, cábla nó trastíre a ghlacadh. Bíonn feidhmiú líonra tarchuir ag brath ar an STB chomh mór agus a bhíonn sé ar an bhfearas tarchuir líonra.

**Wi-Fi:** Bhí Wi-Fi as Dílseacht Gan Sreang (Wireless Fidelity) beartaithe le húsáid do fhearais gan sreang, ach úsáidtear go minic anois é le rochtain a dhéanamh ar an Idirlíon. Cuireann sé ar chumas duine le ríomhaire chumasaithe gan sreang nó le cuiditheoir digiteach pearsanta nascadh leis an Idirlíon nuair a bhítear gar do phointe rochtaine ar a dtugtar 'ball te.'

**WiMAX:** Acrainm don Chomh-inoibritheachta Domhanda do Rochtain Mhicreathonnach, agus is teicneolaíocht caighdeáin gan sreang é a sholáthraíonn nasc leathanbhanda ard-tríchur thar achair fhada.

# GEALLÚINTÍ RTÉ CHUN A BHEITH AR FÁIL AR GACH ARDÁN


Mar chuid de dhualgas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, tá sé ríthábhachtach ár lucht éisteachta ar fad a shroicheadh. Bhí an ghealltúint sin bunaithe ar an líonra analógach trastíre ar dtús agus ansin shín sé chuig na roghanna analógacha agus digiteacha Pay TV trí na hoibritheoirí BSkyB, NTL, Chorus agus MMDS. Is é an líonra trastíre analógach a oibríonn RTÉNL an t-aon líonra atá ina ardán craoltóireachta saor go haer.

Chun go mairfidh Craolachán Seirbhíse Poiblí sa timpeallacht iomaíoch reatha, beidh samhail craolacháin dhigití saor go haer nó a bheidh saor in aisce don tomhaltóir ag teastáil in Éirinn. D'fhéadfaí freastal ar an riachtanas sin trí chur chuige ardáin comhcheangailte, ina bhféadfaí seirbhísí raidió agus teilifíse digiteacha trastíre a bhunú chomh maith le rogha satailíte a bheadh saor in aisce don tomhaltóir, agus réitigh leathanbhanda agus soghluaiste, chun go mbeadh meascán de sheirbhís phoiblí agus craolacháin tráchtála ann araon.

Léiríonn anailís atá déanta in Éirinn go bhfuil:
– 1.397m teaghlach príobháideach
– 1.373m teaghlach príobháideach le Teilifíseán
– dhá theilifíseán nó níos mó ag 70% de theaghlaigh (sin, 2.4m + Teilifíseáin)[2].

Tá an briseadh síos ardleibhéil mar seo:
Príomhardán Teilifíse sa bhaile[3]
– 21% Satailít – méadú suntasach
– 21% Trastíre Éireannach – seasmhach
– 42% Cábla/MMDS – ag laghdú
– 16% Il-trastíre – ag laghdú

## An cineál glacachta nó ardáin briste síos mar atá léirithe sa chairt:




**SATAILÍT:** Teaghlaigh a fhaigheann na ceithre chainéal Éireannacha agus síntiús bunaithe ar pacáiste cainéal ag baint leasa as nasc satailít (ar nós Sky One, Sky News, cainéil spóirt, MTV, E4, cainéil scannán, srl.).

**CABLE:** Teaghlaigh a fhaigheann na ceithre chainéal Éireannacha agus síntiús bunaithe air pacáiste cainéal ag úsáid nasc cábla nó MMDS (ar nós Sky One, Sky News, cainéil spóirt, MTV, E4, cainéil scannán, srl.) .

*(MMDS = Córas Dáileacháin Micreathonnach Ilphointí)*

**IL-TRASTÍRE:** Teaghlaigh a fhaigheann na ceithre chainéal Éireannacha agus cainéal RA amháin ar a laghad (ar nós BBC, UTV, C4, HTV, S4C, C5), ach nach bhfaigheann aon chainéal cábla/satailíte.

**TRASTÍRE ÉIREANNACH:** Teaghlaigh a fhaigheann na ceithre chainéal Éireannacha agus sin amháin.

OS CIONN 1,373,000 TEILIFÍSEÁN BAILE

[2] Dearcaí ar Sheirbhísí Craolacháin ComReg, Nollaig 2004.
[3] Anailís ar Nielsen Media Research Establishment Survey 2004, ag Roinn Taighde Lucht Éisteachta RTÉ, Samhain 2004.

Ag deireadh Mhárta 2005 bhí thart ar 518,000 síntiúsóirí cábla/MMDS agus satailít dhigiteach ann. Tá nasc digiteach ag thart ar 38% de gach teaghlach a bhfuil teilifíseán acu.

- Tá nasc Cábla/MMDS ag 32% de gach síntiúsóir digiteach sa tír.
- Tá nasc satailíte ag an 68% eile atá fágtha.

Faigheann 37% de thomhaltóirí Éireannacha a gcuid seirbhísí bunaidh Teilifíse ó ardáin seachadta trastíre. De bharr nach bhfuil ardán trastíre digiteach in Éirinn, d'fhéadfadh sé tarlú nach féidir leis na tomhaltóirí sin a fhaigheann comharthaí il-trastíre iad a fháil sa mheántéarma de bharr lasc as analógach sa Ríocht Aontaithe. Tá tús curtha leis an múchadh nó an lasc as analógach sin agus d'fhéadfaí cur isteach ar oirthear na hÉireann faoi 2008 agus ar feadh réigiúin na teorann faoi 2012.

D'fhéadfadh clúdach satailíte a bheith 99%+ den tír, ach níl aon satailít ag soláthar saor go haer do shaoránaigh na hÉireann faoi láthair. Tá clúdach Cábla/MMDS níos srianta, agus níl aon soláthar saor in aisce ann faoi láthair.

# ROGHANNA GLACACHTA TEILIFÍSE DIGITÍ

Tá bealaí éagsúla ann chun Teilifís Dhigiteach a ghlacadh, agus níl aon cheann acu comheisiach:
– Trí aeróg (DTT)
– Trí mhias a úsáid (Satailít)
– Trí Chábla a úsáid (nó Córas Dáileacháin Micreathonnach Ilphointí, MMDS)
– Thar Leathanbhanda (IPTV freisin)

**TEILIFÍS DHIGITEACH TRÍ AERÓG** (TEILIFÍS DHIGITEACH TRASTÍRE - DTT)
– Glactar le Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) trí ghnáthaeróg ar dhíon an tí nó ar bharr teilifíseáin. Bíonn bosca ar bharr teilifíseáin ag teastáil chomh maith le teilifíseán atá ann cheana nó bíonn teilifíseán dhigiteach nua atá deartha chun na comharthaí digiteacha nua a ghlacadh ag teastáil.

**TEILIFÍS DHIGITEACH AG ÚSÁID MÉISE** (SATAILÍT DHIGITEACH)
– Cuireann Sky Pay TV agus síntiús satailít dhigiteach ar fáil do mhuintir na hÉireann.
– Chun teilifís dhigiteach satailíte a fháil beidh gá le bosca teilifíseáin le húsáid leis an teilifíseán atá ann cheana nó ní mór teilifíseán digiteach nua a fháil chun comharthaí satailíte digiteacha a ghlacadh. Ní mór ‘mion-mhias’ a fháil le cur lasmuigh den teach.
– Is féidir le comharthaí satailíte digiteacha móramh na dteaghlach a shroicheadh, ach i roinnt cásanna d’fhéadfadh sé nach féidir glacadh leis an gcomhartha. Sin mar gheall go mbíonn an satailít clúdaithe ón teach ag crainn, ag cnoic arda nó ag foirgnimh arda, nó de bharr nach ligeann dlíthe pleanála cead do dhaoine mias a chur suas (mar shampla, más foirgneamh liostaithe é an teach).

**TEILIFÍS DHIGITEACH Á SHEACHADADH TRÍ CHÁBLA** (NÓ MMDS)
– Chun teilifís dhigiteach a fháil ag úsáid nasc cábla, ní mór do dhaoine síntiús a thógáil le ceann de na soláthróirí teilifíse cábla agus soláthraíonn siadsan bosca teilifíseáin le dul leis an teilifíseán a bhíonn ann cheana féin. Bíonn seirbhís cábla teoranta go minic do cheantair arduirbeacha. Feidhmíonn seirbhísí MMDS i gceantair thuaithe.


**TEILIFÍS DHIGITEACH THAR LEATHANBHANDA**
– D’fhéadfadh DSL, ADSL is dócha, nasc Idirlín cábla nó ISDN, T1 nó líne T3 a bheith ina nasc Idirlín ardluais (i.e. Leathanbhanda). Beidh fuaim/físeán d’ardchaighdeán mar thoradh ar nasc idirlín ardluais. Ba chóir a thabhairt ar aird go mbíonn an tseirbhís sin teoranta de ghnáth do cheantair arduirbeacha.
– Tá teicneolaíochtaí leathanbhanda gan sreang ar nós Wi-Fi agus WiMax ar fáil freisin.
– Is rogha eile é leathanbhanda satailíte.

Is comhainmneoir é **IPTV** (Teilifís Prótacail Idirlín) do chórais ina seachadaítear na comharthaí físeáin agus/nó teilifíse chuig síntiúsóirí ag úsáid prótacail idirlín.

**TEILIFÍS SHOGHLUAISTE,** Tá teilifís shoghluaiste, a bhaineann leas as teicneolaíochtaí ar nós DVB-H, DMB nó 3G, mar roghanna níos inmharthana anois ó thaobh seirbhísí craolacháin pearsanraithe, soghluaiste agus duine ar dhuine a sheachadadh.

# TEILIFÍS DHIGITEACH TRASTÍRE

- Comhbhrúitear cainéil isteach in ilphéacsuithe. Is féidir le gach ilphléacsú roinnt cainéil theilifíse a iompar ag brath ar chaighdeán an phictiúir agus ar an nglacadh comharthaí a bhíonn ag teastáil.
- Is féidir an méid céanna speictrim a bhíonn in úsáid inniu ag aon chainéal teilifíse analógach amháin a úsáid chun ceathair nó cúig de chainéil teilifíse digití, (ag brath ar an modh comhbhrúite a úsáidtear), deich gcainéal raidió agus aon chainéal sonraí amháin a tharchur. D'fhéadfadh go mbeadh gá le dúbailt acmhainneacht do theilifís dhigiteach ardshainithe (HDTV), ag brath ar an modh comhbhrúite a úsáidtear.
- Dí-chomhbhrúnn an bosca teilifíseáin (STB) an clár a roghnaíonn an lucht féachana tríd an Treoir Clár Leictreonach (EPG).
- Cuireann na seirbhísí sonraí a d'fhéadfadh DTT a sheachadadh chuig an gcuid is mó de theaghlaigh na hÉireann roghanna substaintiúla ar fáil do ghníomhaíochtaí tráchtála agus seirbhísí poiblí araon. Bheadh sin mar leigheas ar an scoilt dhigiteach agus ar an scoilt fhaisnéise freisin. Sa bhreis ar an bpoitéinseal don tionscal craolacháin agus **datacast** tá tionscail eile in Éirinn a bhíonn rannpháirteach ag déanamh taighde agus ag forbairt táirgí agus seirbhísí gaolmhara. Is teicneolaíocht chuiditheach a bheadh i DTT mar sin. D'fhéadfadh an cumas chun táirgí agus seirbhísí a thástáil agus a léiriú gan gá dul ag taisteal chuig tíortha DTT-chuiditheacha eile, spreagadh a thabhairt do níos mó fáis sa tionscal sa tír seo mar aon le cur le hiomaíochas na hÉireann go hidirnáisiúnta.



# ROGHANNA GLACACHTA RAIDIÓ DHIGITIGH

Faoi láthair, tá dhá phríomhchineál raidió digiteach le fáil sna modhanna glacachta seasta agus soghluaiste araon:

- **DAB: Craoladh Digiteach Fuaime,** an córas digiteach raidió a úsáideann craoltóirí áitiúla agus craoltóirí náisiúnta araon san Eoraip agus eile. Is í an Ríocht Aontaithe an tír is mó atá chun cinn maidir le DAB ar domhan. Is féidir le DAB fuaim, mar aon le téacs, pictiúir, sonraí agus físeáin a sheachadadh.

- **DRM: Raidió Digiteach *Mondiale,*** forbraíodh é sin mar theicneolaíocht athsholáthair do chraoltóirí idirnáisiúnta atá ann ar fadthonn, ar mheántonn/AM agus ar ghearrthonn. Cuireadh an DRM Consortium idirnáisiúnta le chéile i 1998.

Cuirtear raidió ar fáil níos mó agus níos mó mar chuid de phacáiste seirbhísí soghluaiste, chun ceol a íoslódáil, teileafónaíocht soghluaiste srl., agus tá teicneolaíochtaí nua á dtástáil ar fud an domhain.

Sa bhreis air sin, tá raidió digiteach ar fáil do ghlacadóirí seasta (neamh-shoghluaiste) mar seo a leanas:

- **Teilifís Dhigiteach**
  Raidió mar chuid de phacáiste Teilifíse.

- **Satailít**
  Clúdaíonn seo réimsí móra, go maith ó thaobh raidió idirnáisiúnta.

- **Idirlíon**
  Caighdeán fuaime íseal, costasach don úsáideoir, srianta den chuid is mó do ghléasanna ríomhaireachta, go maith do lucht féachana nideoige.

# CRAOLACHÁN DIGITEACH IN ÉIRINN

Tá sé molta ag an gCoimisiún AE gur chóir go mbeadh an t-athrú digiteach agus múchadh na seribhísí analógaí tugtha chun críche i ngach Ballstát faoi 2012.

Ní mór saincheisteanna flaithiúnais a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu sna polasaithe atá á gcur le chéile in Éirinn. Cé gur dóigh go mbeidh meascán d'ardáin seachadta éagsúla ábhair ann do shaoránaigh na hÉireann sa tírdhreach craolacháin amach anseo, tá líonra seachadta trastíre mar chuid d'infrastruchtúr an náisiúin agus tá tábhacht straitéiseach leis sin.

Tá sé sainordaithe ag an Ríocht Aontaithe go gcuirfear tús le múchadh na seribhísí analógaí leis an athrú digiteach ar fud na Ríocht Aontaithe i 2008 agus go mbeidh sin tugtha chun críche faoi 2012. Is é an toradh a bheidh ann má fheidhmneofar Freeview (DTT sa Ríocht Aontaithe) go tapa agus an próiseas ó thaobh mhúchadh na seribhísí analógaí a fheidhmiú ná go gcuirfear níos mó fiú le leibhéil chumhachta tarchuir sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann agus is léir go gcuirfear isteach níos mó agus níos mó eile ar líonra tarchuir analógach na hÉireann ó 2008 ar aghaidh. Cuirfidh sin isteach ar ghlacadh teilifíse i dteaghlaigh na hÉireann, in oirthear na tíre agus ar feadh cheantair na teorann le Tuaisceart Éireann den chuid is mó. Gan ardán trastíre digiteach Éireannach saor go haer, beidh saoránaigh na hÉireann faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena gcomhghleacaithe san Eoraip.

De réir mar atá dul i léig analógach ag fáil níos gaire fiú, beidh forbairt DTT níos tábhachtaí fós do chraoltóirí dúchasacha Éireannacha. Tá an trealamh tarchuir analógach reatha ag imeacht in éag níos mó agus níos mó, agus ciallaíonn sin, i dtéarmaí praiticiúla, nach mbeidh aon fheidhm le líonra tarchuir analógach na hÉireann tar éis 2012-2015 mar gheall nach mbeifear ábalta caighdeán seirbhíse agus iontaobhacht a chinntiú agus ní bheidh aon chomhpháirteanna athsholáthair le fáil a thuilleadh.

Gheall Rialtas na hÉireann go dtabharfaí isteach DTT, mar atá sonraithe i *Ráiteas Straitéise 2003-2007* Rialtas na hÉireann, agus táthar tar éis a fhógairt go mbeidh Triail DTT á thosú i 2006.

Aontóidh an Chomhdháil Réigiúnach Raidióchumarsáidí i 2006 (RRC 06) leithroinntí speictream minicíochta don Eoraip don chéad fiche bliain eile. Leagfar amach sa chomhdháil sin liúntas náisiúnta na hÉireann maidir le minicíochtaí agus beidh sé tábhachtach ó taobh cineál agus cruth chraoladh na hÉireann don todhchaí amach anseo.

# DÚSHLÁIN D'ÉIRINN

**CLÚDACH:** do chlúdach 98%+ DTT (oibleagáid uilíoch) beidh costais shuntasacha i gceist don 'mhíle breise'. Tugann meastacháin reatha le fios gur féidir suas le 95% a bhaint amach go héasca agus ní bheidh gá le líon suntasach láithreán breise, ach de bharr cúiseanna topagrafaíochta, den chuid is mó, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh an chuid eile den tír níos fearr as le meicníocht seachadta eile.

**COSTAS INFRASTRUCTÚIR:** beidh costas suntasach i gceist chun líonra DTT a thógáil.

**TRIALACHA CHUN DTT AGUS DAB A CHUR CHUN CINN AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH ORTHU:** tá sé curtha in iúl ag Rialtas na hÉireann go bhfuil sé i gceist trialacha a dhéanamh do DTT agus do DAB le linn na tréimhse 2005-2007.

**RÍOMHCHOSTAS DEN TRÉIMHSE COMHCHRAOLACHÁIN:** Má thugtar DTT isteach go hÉirinn, beidh gá le tréimhse 'comhchraolacháin' sula bhféadfar analóg a chasadh as agus go dtí go mbeidh an t-athrú chuig tarchur digiteach tugtha chun críche ar fad. Ciallaíonn comhchraolachán go mbíonn cainéil tarchuir bhformáid analógach agus i bhformáid dhigiteach araon ann ar feadh tréimhse ama, agus cuireann sin le costas le linn na tréimhse comhchraolacháin. Ina dhiaidh sin, ba chóir go laghdódh na costais in iomlán.

**DUL I NGLEIC LE GEALLSEALBHÓIRÍ:** Mar an príomhgheallsealbhóir, ní mór don Rialtas gach duine eile a thabhairt le chéile - rialaitheoirí, tionscal agus craoltóirí – chun plean náisiúnta craolacháin digiteach a chur le chéile d'Éirinn. Sa bhreis air sin, ní mór a chur ina luí ar an bpobal go dtugann craolachán digiteach buntáistí nach féidir linn a fhágáil ar lár.

Chun go féidir le DTT agus DAB dul chun cinn in Éirinn, tá gá le straitéis dhigiteach shoiléir. Ní mór iad seo a leanas a chomhlíonadh chun an polasaí sin a fhorbairt:

- Comhairliúchán le geallsealbhóirí agus spreagadh a thabhairt do na tionscail craolacháin agus na tionscail ghaolmhara.
- Pleananna do mhúchadh na seribhísí analógaí agus athrú go dtí digiteach, agus beidh tarchuir analógacha agus digiteacha ar siúl ar feadh tréimhse chomhchraolacháin.

Beidh gá le hathruithe reachtaíochta agus rialála. Ba chóir féachaint go grinn ar chur le feasacht an phobail maidir le buntáistí chraolacháin dhigitigh agus plean náisiúnta cumarsáide agus gnímh a chur le chéile.

# NA BUNTÁISTÍ LE CRAOLACHÁN DIGITEACH

Tá go leor buntáistí ag baint le **Teilifís Dhigiteach Trastíre [DTT]** thar theilifís trastíre analógach, lena n-áirítear:

- Níos mó rogha don lucht féachana.
- Úsáid níos éifeachtúla den speictream. Beidh ceithre chainéal teilifíse digití ábalta an méid céanna acmhainneacht a thógáil le haon chainéal teilifíse analógach amháin.
- Costais oibríochta níos saoire ó thaobh soláthar cumhachta i gcoinne uimhreacha cainéal.
- Caighdeán seirbhíse níos airde, pictiúr agus fuaim níos fearr.
- Poitéinseal ann do sheirbhísí breise – ar nós teiIitéacs digiteach, idirghníomhniú, teilifís feabhsaithe srl.

Tá go leor buntáistí ag **Craoladh Digiteach Fuaime [DAB]** thar raidió trastíre analógach, lena n-áirítear:

- Níos mó rogha don lucht éisteachta.
- Úsáid níos éifeachtúla den speictream.
- Éasca le húsáid.
- Caighdeán fuaime agus glacadh níos fearr – comhartha bríomhar.
- Cumas téacs agus ilmheáin.
- Costais chumhachta níos lú in aghaidh na seirbhíse, úsáideann tarchuireadóirí DAB níos lú leictreachais.
- Cainéil nua, ábhar réamhroghnaithe de réir genre.
- Is féidir an raidió a stadadh agus a chuir siar.
- Gan an oiread trasnaíochta.
- Comhaid fuaime a íoslódáil arna n-iarradh.
- Féidearthachtaí idirghníomhaíochtaí.

# AGUISÍN
## AN TÁBHACHT ATÁ LE COMHORDÚ SPEICTREAM IDIRNÁISIÚNTA

Is acmhainn nádúrtha comhordaithe go hidirnáisiúnta é speictream raidió. Bhí na bandaí speictream raidió a úsáideadh do chraolachán pleanáilte ag an leibhéal idirnáisiúnta ag craoltóirí náisiúnta agus ag an rialaitheoir.

Bainistíonn gach tír a speictream ceadúnais féin ach déanann an *International Telecommunications Union* (ITU) comhordú orthu go hidirnáisiúnta lena chinntiú go mbeidh toradh cothromaithe ann do gach duine.

Tá díospóireacht ar siúl maidir le speictream craolacháin dár dtodhchaí dhigiteach i bpróiseas comhordaithe idirnáisiúnta agus tiocfaidh deireadh leis sin ag an gComhdháil Réigiúnach Raidióchumarsáidí i 2006 (RRC 06).

Le linn 2005 beidh seasamh idirbheartaíochta Bhallstáit an AE socraithe le haghaidh RRC 2006. Socróidh sin na paraiméadair maidir le húsáid speictream do chraolacháin dhigiteacha don chéad fiche bliain eile ar a laghad. Má tá Éire lena speictream do chraolacháin digiteach a chosaint, ní mór straitéis dhigiteach shoiléir agus inchreidte a bheith ann.

Is ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR) atá an dualgas ó thaobh polasaí agus idirbheartaíocht, le tacaíocht ó ComReg, BCI, RTÉ agus RTÉNL.

Is ar ComReg atá an dualgas maidir le feidhmiú.

# AGUISÍN
## SPEICTREAM CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

Ceaptar go mbeidh cosaint don speictream raidió do chraolacháin mar phríomhábhar imní de sheasamh idirbheartaíochta na hÉireann do Chomhdháil RRC 06.

- In Éirinn, téann an speictream a bhíonn ar fáil do spás seachadadh craolacháin ó 30 KHz to 30 GHz.
- Craolann líonra tarchurtha analógach RTÉNL comharthaí raidió i minicíochtaí bandaí LW/MW agus FM agus comharthaí teilifíse i mbandaí VHF (Banda III) agus i mbandaí UHF (Bandaí IV agus V).
- Moladh gur chóir Banda III, VHF a choimeád go hiomlán do sheirbhísí raidió má sholáthrófar nó nuair a sholáthrófar seirbhísí teilifíse digiteacha i UHF (Bandaí IV agus V).

### LÉIRIÚ GRAIFICE DE SPEICTREAM CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN

